Leabharlann
Náisiúnta
na hÉireann

National Library
of Ireland

# Beartas Forbartha An Bhailiúcháin




Céard a aimseoidh tú inniu?
WHAT WILL YOU FIND TODAY?

## Brollach

Is é misean Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ná '*cuimhne thaifeadta na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a chur ar fáil. Tugtar aire do níos mó ná 10 milliún earra, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, ábhar gearrshaolach, ceol agus meáin dhigiteacha.*'

Is é bailiúchán na Leabharlainne an bailiúchán is fearr d'ábhar doiciméadach Éireannach ar domhan. Cuireann sé taifead gan sárú ar fáil ar stair agus oidhreacht na hÉireann.

Cuimsithe inár mbailiúcháin tá leabhair, sraitheacháin, nuachtáin, lámhscríbhinní, léarscáileanna, grianghraif, foilseacháin oifigiúla, priontaí, líníochtaí, ábhar gearrshaolach, bailiúcháin dhigitithe agus bailiúcháin dhigitghinte.

Is ról lárnach iad ár mbailiúcháin ar gach a dhéanaimid. Sa Straitéis 2022-2026 atá againn, geallann muid chun a bheith "*ag bailiú ar bhealach ionadaíoch agus cuimsitheach d'fhonn léargas a thabhairt ar ilchineálacht eispéireas na hÉireann*". Tríd sin, geallann muid chun:

- *infheistíocht a dhéanamh d'fhonn feabhas a chur ar ár saineolas agus ar ár n-acmhainneacht le go mbeidh ar ár gcumas an t-ábhar chomhaimseartha leathan atá ag teacht chun cinn a bhailiú ar bhealach réamhghníomhach*
- *an raon formáid a bhíonn á bhailiú againn a leathnú amach agus próisis iomlánaíocha a fhorbairt chun teacht ar ábhar comhaimseartha, beag beann ar an bhformáid*
- *agus leanúint ar aghaidh ag bailiú taifead foilsithe agus taifead staire an náisiúin agus ábhar taisce dhlíthiúil leictreonach a chur leis chomh maith le fearann gréasáin iomlán na hÉireann má cheadaíonn an reachtaíocht é.*[1]

Is cúis imní ar leith í don Leabharlann a chinntiú go mbaileoimid taifead na hÉireann comhaimseartha chomh cuimsitheach agus is féidir. Tá tromlach an bhailiúcháin seo ar líne agus an-ghearrshaolach.' Ní féidir linn taifead fairsing d'Éirinn chomhaimseartha a bhailiú, a chaomhnú ná a chur ar fáil gan tacaíocht an Rialtais. Caithfear aird phráinneach a thabhairt ach go háirithe ar fhoráil reachtach faoi thaisce dhlíthiúil dhigiteach a thabhairt isteach le haghaidh cartlannú gréasáin ar scála. Gan an fhoráil reachtach seo, tá bearna atá ag dul i méid agus nach féidir a líonadh, sa taifead ar stair, oidhreacht agus ar eolas taifeadta na hÉireann.

Tá an Leabharlann fíorbhuíoch go deo de na deontóirí ar fad a bhronnadh ábhar go flaithiúil orainn thar na blianta chun cur leis na bailiúcháin náisiúnta atá faoinár gcúram. Anois, tá na bronntanais seo de bhailiúcháin agus ábhair, ina bhfuil taifead ar an Éire a bhí ann agus ar Éirinn an lae inniu agus ar eispéireas na hÉireann ar fud an domhain, mar chuid d'Éirinn na linne seo agus d'Éirinn amach anseo, agus tá siad ar fáil do thaighdeoirí anois agus do na glúnta atá le teacht.

Is ball í an Leabharlann de phobal institiúidí cuimhne in Éirinn agus is mór againn tacaíocht ár gcomhghleacaithe sna leabharlanna, sna cartlanna agus sna músaeim ar fud fad na hÉireann. Is eol dúinn go léir go bhfuil an chuimsitheacht de bhailiú agus caomhnú an taifid chomhaimseartha d'Éirinn ina feidhm den chur chuige chomhchoiteann náisiúnta maidir leis an dúshlán corraitheach seo, fiú gur dúshlán nach beag é.

1 **Straitéis Leabharlann Náisiúnta na hÉireann 2022-2026 ('Straitéis 2022-26' as seo amach), lch. 21**

I mBeartas Éagsúlachta agus Cuimsithe Leabharlann Náisiúnta na hÉireann 2018–2021, leagtar amach go sainráite, den chéad uair, tiomantas na Leabharlainne chun taifead d'Éirinn atá níos éagsúla agus níos cuimsithí a chruthú. Gheall muid freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár mbeartas bailiúcháin trí lionsa na héagsúlachta agus cuimsithe. Aithníonn muid go bhfuil pobail ar leith faoi ghannionadaíocht i mbailiúcháin na Leabharlainne agus déanfaidh muid ár ndícheall cur leis an mbailiúchán go cuimsitheach ionas go mbeidh bailiúcháin na Leabharlainne chomh hionadaíoch d'éagsúlacht na hÉireann agus is féidir.

Tá muid fíorbhuíoch go deo d'úsáideoirí ár mbailiúchán roimhe seo, faoi láthair, agus sa todhchaí, a roghnaíonn leas a bhaint as ár mbailiúchán ar réimse leathan bealaí, ar líne agus i bpearsa, agus tá muid an-bhuíoch de na cuairteoirí a fhreastalaíonn ár dtaispeántais agus na háiteanna go léir ina n-aimsítear ár mbailiúcháin. Tá gach rud a dhéanann muid ábhartha a bhuí leis na cuairteoirí agus leis na húsáideoirí. Claochlaítear ábhar ár mbailiúchán trí úsáid agus rannpháirtíocht, trí thaighde agus scoláireacht, trí shamhlaíocht agus inspioráid.

Sa cháipéis seo, leagtar amach prionsabail a threoraíonn cinntí forbartha bhailiúchán na Leabharlainne. Tacaítear léi le sraith treoirlínte i gcomhair gach roinn choimeádaíochta nó réimse bailiúcháin sa Leabharlann. Sna treoirlínte, leagtar amach ar bhealach níos iomláine na ceisteanna a bhaineann le rialáil na gcinntí coimeádaíochta maidir le hábhar a cheannach do na bailiúcháin agus maidir leis na cinn a chuirtear san áireamh nuair a ghlactar le bronntanas nó nuair a dhiúltaítear dóibh.

De réir mar a mhéadaíonn cumas na Leabharlainne chun ábhar a bhailiú i ngach formáid agus i ngach réimse bailiúcháin sna blianta amach romhainn, beidh ár gcur chuige struchtúr-sainithe reatha i leith forbairt bhailiúcháin níos neodraí ó thaobh formáide de. Ar an gcúis sin, agus ionas gur féidir linn an timpeallacht dhinimiciúil éagsúil faisnéise ina ndéanann muid ár gcuid oibre a léiriú go hiomlán, tá muid tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte ar bhonn débhliantúil.

Tá muid an-bhuíoch díobh siúd a d'fhreagair ár ngairm ar thuairimí ar an dréachtbheartas. Thug muid faoi deara go háirithe bhur gcúiseanna imní faoi thábhacht an chuimsithe inár ngníomhaíocht bailithe, faoin ngéarghá maidir le cumasú reachtach i réimse an chartlannaithe gréasáin agus faoi ról lárnach na Leabharlainne Náisiúnta mar cheann d'institiúidí bailithe náisiúnta na hÉireann. Tá muid ag brath ar bhur dtacaíocht leanúnach agus muid ag obair lena chinntiú go leanann na bailiúcháin, atá faoi chúram na Leabharlainne, ar aghaidh ag fás agus ag léiriú éagsúlacht eispéireas na hÉireann, de réir mar a leanann muid ar aghaidh ag nascadh na mbailiúchán lenár n-úsáideoirí ar fad, ar na bealaí go léir ar mian leo a bheith rannpháirteach linn faoi láthair agus amach anseo.

## Réamhrá

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an leabharlann thaifeadta ar son na hÉireann, a bhfuil sainordú aici chun bailiúchán náisiúnta a bhaineann le hÉirinn a fhorbairt agus a chaomhnú.

Bunaíodh an Leabharlann in 1877, arbh é *Dublin Science and Art Museum Act* na bliana sin an reachtaíocht bunaidh di. Bhí dhá bhailiúchán bhunaidh ag an Leabharlann Náisiúnta nuair a bunaíodh í. Ba í an chuid is mó de leabharlann Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath an chéad bhailiúchán dóibh siúd, a bhí ag bailiú ábhair ón mbliain 1731. Ba é an dara bhailiúchán ná leabharlann an bhailitheora iomráitigh, Dr Jasper Robert Joly, agus sa bhailiúchán sin bhí 25,000 imleabhair de mhonagraif agus sraitheacháin, chomh maith le priontaí, líníochtaí, léarscáileanna, ceol scríofa agus lámhscríbhinní.

Mhéadaigh bailiúcháin na Leabharlainne go han-tapa. Mar Leabharlann Náisiúnta tá go leor bronntanais shuntasacha faighte aici, nath a chumadh ina leith dá thoradh sin ná 'tírghrá praiticiúil'.

Tar éis bhunú Shaorstát Éireann in 1922, rinneadh leabharlann náisiúnta an stáit neamhspleách nua seo den Leabharlann. Ó 1927, bhí ceart na taisce dlíthiúla ag an Leabharlann le haghaidh gach ábhair a fhoilseofaí sa Stát.

Sa bhliain 1943, d'athraigh Oifig na nArmas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath a bunaíodh in 1552 í, ó riarachán na Breataine go riarachán na hÉireann. Is cuid de bhailiúcháin na Leabharlainne iad na cartlanna d'Oifig na nArmas, lena n-áirítear cláir de bhronntaí armais, ginealaigh teaghlaigh, agus d'ábhar ginealaigh eile agus sannadh údarás arailt na hÉireann, Oifig an Phríomh-Arailt a thugtar anois uirthi, chuig an Leabharlann.

Bunaíodh Roinn na Lámhscríbhinní sa Leabharlann in 1948. Bogadh bailiúcháin ghrianghrafadóireachta na Leabharlainne in 1998 go dtí an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta saintógtha i mBarra an Teampaill, Contae Bhaile Átha Cliath. Chuir an Leabharlann tús le cartlannú gréasáin in 2011 agus bunaíodh a roinn maidir le Bailiúcháin Dhigiteacha in 2015.

## Comhthéacs

### Reachtach

D'fheidhmigh an Leabharlann ó 2005 faoin sainchúram Reachtúla a thugann an tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 ('an tAcht') di agus faoi rialachas Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ('an Bord'). Leagtar amach sainordú an Bhoird in alt 12(1) den Acht, mar a leanas:

> *'Is iad príomhfheidhmeanna Bhord na Leabharlainne Náisiúnta an t-ábhar leabharlainne atá i mbailiúchán na Leabharlainne a chaomhnú, a athchóiriú, a choinneáil i gcóir mhaith agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal; taifead d'ábhar leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhaineann le hÉirinn a chur ar bun agus a choinneáil ar bun; agus cion a dhéanamh maidir le deis a thabhairt do bhaill den phobal teacht ar ábhar a bhaineann le tíortha eile.'*[2]

Breacann alt 12(2) den Acht réimse cumhachtaí an Bhoird síos ionas gur féidir leo a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích.

Áirítear le reachtaíocht eile a mbíonn tionchar díreach nó indíreach aici ar ghníomhaíochtaí bhailithe na Leabharlainne:

- **An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000, agus An tAcht um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil, 2019 ('na hAchtanna Cóipchirt')**
  Féach thíos 'Thaisce Dhlíthiúil'.

- **An tAcht um Chiste Oidhreachta, 2001**
  Is Institiúid Chultúrtha Náisiúnta í an Leabharlann agus is ball é Stiúrthóir na Leabharlainne de Chomhairle na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta de réir mar a fhoráiltear in alt 9 den Acht um Chiste Oidhreachta.

- **An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997**
  Forálann alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 faoiseamh cánach in ionad bronnadh earraí oidhreachta chuig Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta. Is tríd na forálacha seo a bhí an Leabharlann in ann roinnt de na bailiúcháin liteartha is tábhachtaí atá againn a shealbhú.

- **An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018**
  Leagtar amach in alt 61 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 an srian le cearta ábhar sonraí a fheidhmiú chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críoch taighde, eolaíochta nó staire nó chun críoch staidrimh.

- **Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise**

- **Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2015**
  Is iad seo a leanas na doiciméid bheartais Leabharlainne a ndéantar tagairt dhíreach dóibh sa doiciméid seo nó a bhfuil tionchar díreach acu ar ghníomhaíocht forbartha an bhailiúcháin:

- Plean Straitéiseach LNÉ 2022-2026
- Beartas Éagsúlachta agus Cuimsithe 2018-2021
- Beartas maidir le Bainistíocht Riosca
- Beartas Caomhnaithe LNÉ (ag céim an dréachtaithe faoi láthair)

---

2 **An tAcht um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta, 1997 (Acht FCN 1997)**

## Conas a bhailíonn muid ábhar

Sealbhaíonn an Leabharlann ábhar bailiúcháin ar roinnt bealaí:



1. Ceannach



2. Bronnadh



3. Forálacha na taisce dlíthiúla den Acht Cóipchirt



4 .Cartlannú roghnaitheach gréasáin.

**Déantar bainistíocht ar ghníomhaíocht bhailithe thar trí réimse bailiúcháin de chuid na**

**1** **Digiteach** **2** **Ábhar Foilsithe** **3** **Ábhar Speisialta**

### Ceannach

- Úsáidtear buiséad sealbhaithe na Leabharlainne, a leithdháileann an Bord gach bliain, chun ábhar a cheannach trí cheantanna nó trí cheannach díreach. Chuaigh an Leabharlann ó am go chéile ar iontaoibh maoiniú speisialta, le haghaidh sealbhuithe tábhachtacha, ón Aire a bhfuil an Leabharlann ag feidhmiú faoina choimirce. Tá cistí curtha ar fáil ag Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, nuair is cuí.

### Bronnadh

- Bhíodh bronntanais ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí i rith stair LNÉ mar chuid lárnach d'fhorbairt bhailiúcháin shaibhre na Leabharlainne. Leanann muid ar aghaidh ag glacadh le bronntanais ó úinéirí dlíthiúla nuair is féidir foinse shoiléir a bhunú. Go hiondúil, tabharfar cóipcheart agus cearta eile atá ag an ábhar don Leabharlann le linn an tsealbhaithe. Nuair nach féidir é seo a dhéanamh le hábhar nua-aimseartha, comhaontófar cóipcheart agus cearta eile le linn an bhronnta. Oibríonn muid go dlúth le bronntóirí chun comhairle a thabhairt dóibh maidir le conas a gcuid bailiúcháin cartlainne a eagrú, a thuairisciú agus dhoiciméadú sula n-aistrítear go dtí LNÉ iad.

- Féadfaidh faoiseamh cánach a bheith ar fáil do bhronntóirí má chomhlíonann an t-ábhar is mian leo a bhronnadh na critéir do 'bronnadh oidhreachta' faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

- Ceannaíonn an Leabharlann ábhar chomh maith le cúnamh ó chistí deontóra.

## Taisce Dhlíthiúil

- Is éard atá i gceist leis an Taisce Dhlíthiúil ná an dualgas reachtúil atá ar fhoilsitheoirí agus ar dháileoirí cóip amháin ar a laghad de gach foilseachán a thaisceadh, saor in aisce, i leabharlanna na taisce dlíthiúla ainmnithe.
- Ó 1927, nuair a tugadh an phribhléid don Leabharlann den chéad uair (i ndáil le foilseacháin a eisíodh laistigh den Stát), is í an taisce dhlíthiúil an phríomh-mheicníocht trína dtógtar na bailiúcháin Éireannacha nua-aimseartha de leabhair, nuachtáin agus sraitheacháin.
- Deimhníonn oibriú éifeachtach na taisce dlíthiúla rochtain bhuan do shaoránaigh agus do thaighdeoirí, laistigh den tír nó thar lear, ar bhailiúchán taighde d'ábhar foilsithe na tíre. Feidhmíonn an Leabharlann a pribhléid maidir leis an taisce dhlíthiúil, mar aon le Leabharlanna Náisiúnta eile, agus é mar aidhm acu caomhnú leanúnach a chinntiú agus rochtain a thabhairt ar phríomhghné d'oidhreacht intleachtúil agus cultúrtha na tíre le himeacht ama. Is minic gurb ag an Leabharlann a bhíonn an t-aon chóip atá ar fáil go héasca don phobal d'earra ar leith.
- Clúdaítear in Éirinn ceanglais maidir leis an taisce dhlíthiúil in Alt 198 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000. Cuireann an tAcht seo iallach ar gach foilsitheoir sa Stát cóip amháin de gach foilseachán a sholáthar don Leabharlann (agus leabharlanna áirithe eile in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe) laistigh de mhí amháin tar éis an chóip sin a fhoilsiú. Áirítear leis seo gach foilseachán clóite amhail leabhair, nuachtáin, sraitheacháin, paimfléid, léarscáileanna agus ceol scríofa.
- Is cuspóir sonraithe den Leabharlann í pleanáil maidir le síneadh a chur leis an taisce dhlíthiúil de réir fhorálacha alt 199 den Acht 2000.

## Raon feidhme ár gcuid Bailiúchán

Tugadh sainordú don Leabharlann chun *a bhailiúchán a chaomhnú, a athchóiriú, chothabháil agus a mhéadú chun leas an phobail agus chun taifead d'ábhar leabharlainne (lena n-áirítear ábhar i nGaeilge) maidir le hÉirinn a chur ar bun agus a chothabháil agus cur leis an soláthar de rochtain don phobal ar ábhar a bhaineann le tíortha eile.*[3]

Is é ár bhfócas bailithe ná Éire, is ionann sin agus oileán na hÉireann chomh maith leis an taithí Éireannach in áiteanna eile. Bailíonn muid ábhar a bhaineann le háiteanna, pearsantachtaí, daoine aonair, grúpaí, eagraíochtaí, imeachtaí, gníomhaíochtaí, eispéiris nó téamaí a bhfuil suntas náisiúnta nó idirnáisiúnta ag baint leo d'Éirinn, nó don eispéireas de shaol na hÉireann.

Is é an aidhm atá againn i dtaca leis seo ná na feidhmeanna de leabharlann náisiúnta, arna sainiú ag Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann Leabharlainne, a chomhlíonadh, lena n-áirítear: *an t-inphrionta náisiúnta (idir chlóite agus leictreonach) a bhailiú trí thaisce dhlíthiúil; an oidhreacht chultúrtha náisiúnta a chaomhnú agus a chur chun cinn*.

Tá an Leabharlann tiomanta chun rochtain a sholáthar ar acmhainní ginearálta agus tagartha nach bhfuil ar fáil go furasta in áit ar bith eile in Éirinn trí chur le soláthar rochtana ar ábhar a bhaineann le tíortha eile.

Leagann amach Treoirlínte Forbartha an Bhailiúcháin, a fhorlíonann an doiciméad seo, ar bhealach níos mionsonraithe, raon feidhme na Leabharlainne maidir le gníomhaíochtaí bailithe sna réimsí seo a leanas; Bailiúcháin Dhigiteacha, Bailiúcháin Fhoilsithe agus Bailiúcháin Speisialta. Chomh maith leis sin, trí aithint go sonrach nach féidir leis an Leabharlann gach ábhar a bhailiú, leagann muid na cuspóirí atá againn amach sna Treoirlínte i ndáil le cuimsitheacht ár ngníomhaíochtaí bailithe nó más gá don bhailiúchán a bheith roghnach nó níos ionadaíche. Creideann muid go dtacóidh agus go spreagfaidh soiléireacht maidir leis seo ón Leabharlann Náisiúnta forbairt bhreise de straitéis bhailithe agus chaomhnaithe náisiúnta le haghaidh leabharlann agus cartlann.

### Cé a úsáideann bailiúcháin na Leabharlainne?

Tá an pobal ar a bhfreastalaíonn an Leabharlann fairsing agus áirítear leis réimse leathan úsáideoirí. Ina measc sin bíonn taighdeoirí acadúla, staraithe áitiúla agus teaghlaigh, foghlaimeoirí fásta, mic léinn fochéime agus iarchéime, daltaí bunscoile agus meánscoile, déantóirí scannáin agus scannáin faisnéise, iriseoirí, taighdeoirí lena n-áirítear iad siúd ó dhisciplíní atá ag teacht chun cinn, agus úsáideoirí áineasa.

### Cé hiad ár ngeallsealbhóirí?

D'aithin muid ár bpríomh-gheallsealbhóirí, i bhfianaise a thábhachtaí agus atá a ról i bhforbairt an bhailiúcháin. Sna catagóirí sin, tá cruthaitheoirí, bronntóirí, foilsitheoirí agus úsáideoirí a roghnaíonn chun ár mbailiúcháin a úsáid ar bhealaí éagsúla.

**Ní liosta uileghabhálach é an liosta seo a leanas agus is féidir le geallsealbhóirí a bheith i níos mó ná catagóir amháin:**

- Úsáideoirí bhailiúcháin na Leabharlainne, ar líne agus i bpearsa araon (féach ar 'Cé a úsáideann bailiúcháin na Leabharlainne?' thuas).

3 Acht LNÉ 1997, alt 12(1)

- Bronntóirí
- Cruthaitheoirí ábhair (m.sh. scríbhneoirí, iriseoirí, grianghrafadóirí)
- Foilsitheoirí – foilsitheoirí tráchtála agus neamhthráchtála, Gréasáin Rochtana Oscailte agus saor in aisce
- Pobail lena n-áirítear iad siúd atá nasctha tríd an gceantar/ oidhreacht áitiúil, mionlaigh eitneacha, aois: daoine óga nó seanóirí; Nua-Éireannaigh; teaghlaigh; deonach, pobail Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht
- Bord, Coistí agus foireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- Earnáil na hOidhreachta Cultúrtha, na Leabharlann agus na gCartlann
- An Rialtas agus an earnáil phoiblí go háirithe an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Oideachais, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha.
- Cuairteoirí an taispeántais
- Diaspóra

## Ról na ngeallsealbhóirí

Tá ról lárnach ag ár ngeallsealbhóirí i bhforbairt agus athúsáid ár mbailiúchán. Is mór againn an saineolas agus na peirspictíochtaí uathúla ar fhorbairt, tuairisciú agus úsáid an bhailiúcháin, a chuireann geallsealbhóirí ar fáil.

**Rachaidh muid i dteagmháil le geallsealbhóirí maidir leis na príomh-shaincheisteanna seo a leanas:**

- Ní mór rannpháirtíocht na bpobal nua a chur san áireamh sna cinntí a dhéanann an Leabharlann maidir le forbairt an bhailiúcháin lena chinntiú go leanfaidh muid ar aghaidh ag comhlíonadh ár ról 'i gcuimhneamh ar an am atá thart agus maidir leis an am atá ann faoi láthair a ghabháil'[4]
- 
- A thábhachtaí agus atá sé go gcaomhnófaí suíomh gréasáin an Rialtais agus na hearnála poiblí agus a gcuid foilseachán lena chinntiú go mbeidh rochtain fhadtéarmach ar thaifead foilsithe an Rialtais agus na ngníomhaireachtaí earnála poiblí
- An timpeallacht reachtach agus a tionchar ar fhorbairt an bhailiúcháin náisiúnta: lagaíonn an easpa foráil dlí maidir le cartlannú gréasáin marthanas oidhreacht dhigiteach na hÉireann go mór san fhadtéarma ós rud é go gcuirtear cosc ar bhailiú agus ar chaomhnú na suíomhanna gréasáin Éireannacha ar scála, ach go háirithe, an fearann .ie
- Agus ábhar comhaimseartha á bhailiú, tabharfaidh an Leabharlann aghaidh ar chearta agus ar leasanna na ngeallsealbhóirí atá dlisteanach ach a thagann salach ar a chéile uaireanta. San áireamh leis na geallsealbhóirí tá fostóirí, pobail, daoine aonair agus úsáideoirí, geallsealbhóirí a bhí ann, atá ann agus a bheidh ann sa todhchaí
- A bhuí leis na deiseanna a thugann bailiú an ábhair dhigitigh chun comhpháirtíochtaí nua a chothú lenár n-úsáideoirí, cuirfear ar a gcumas iad ach go háirithe chun iniúchadh a dhéanamh ar na bailiúcháin dhigiteacha ar scála.

# Critéir Roghnúcháin Ghinearálta Lné

**Tiocfaidh critéir roghnúcháin ginearálta na Leabharlainne faoi na ceannteidil seo a leanas:**



1. Spéis Éireannach



2. Luach oidhreachta



3. Ábhar spéise

## Spéis Éireannach

**Meastar gurb ábhar spéise Éireannaí atá i gceist le hábhar má shásaíonn sé ceann de na critéir seo a leanas:**

- cruthaíodh nó foilsíodh in Éirinn é
- cruthaíodh nó foilsíodh i dtír eile é le saoránach Éireannach nó le buanchónaitheoir nó cónaitheoir sealadach Éireannach nó le heasaoránach Éireannach
- cruthaíodh nó foilsíodh thar lear é ach baineann sé le hÉirinn
- déanann sé doiciméadú ar shaol an tsaoránaigh Éireannaigh nó ar phobal Éireannach thar lear.

**Measfar go gcomhlíonann na nithe seo a leanas na critéir a bhaineann le spéis Éireannach nuair a dhéanfar meas ar, mar shampla, sealbhú leabhar ar díol spéise Éireannaí iad:**

- ábhair a foilsíodh nó a clódh in Éirinn
- ábhair as Gaeilge
- ábhair a foilsíodh áit éigin eile le húdar Éireannach (cibé acu gur rugadh an t-údar in Éirinn nó gur ball den diaspóra Éireannach é)
- ábhair a foilsíodh áit éigin eile le húdair a bhí nó atá ina gcónaitheoirí sealadacha Éireannacha, déanfar cinneadh maidir le hábhair den sórt sin de réir an cháis.
- ábhair a foilsíodh áit éigin eile ina mbaineann an t-ábhar go hiomláin nó go substaintiúil le hÉirinn
- ábhair a bhfuil mór le rá ó thaobh dearaidh, léaráidí nó ceangal leabhair le healaíontóirí agus dearthóirí Éireannacha
- ábhair le foinse shuntasach Éireannach.

## Luach oidhreachta

**Meastar go bhfuil luach oidhreachta ag baint le hábhar más rud é go bhfuil an t-ábhar sin chomh neamhchoitianta agus chomh suntasach sin go bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis.**

## Ábhar spéise

**Sásófar critéir an ábhair spéise más rud é go sásaíonn an t-ábhar nó an bailiúchán ceann de na critéir seo a leanas:**

- baineann an t-ábhar le háiteanna, pearsantachtaí, daoine aonair, grúpaí, eagraíochtaí, imeachtaí, gníomhaíochtaí, eispéiris nó téamaí a bhfuil tábhacht suntasach náisiúnta nó idirnáisiúnta ag baint leo d’oileán na hÉireann
- déanann an t-ábhar doiciméadú ar ghnéithe suntasacha den stair, de shaol sóisialta nó cultúrtha oileán na hÉireann
- léiríonn nó baineann an t-ábhar le treochtaí taighde reatha i réimse staidéir na hÉireann.

### Ceisteanna Breise

Ní mór na dúshláin agus na costais a bhaineann le rochtain, stóráil agus caomhnú a chur san áireamh agus aon chinneadh sealbhaithe á dhéanamh againn. Féadfar na nithe seo a leanas a chur san áireamh mar nithe a bhfuil tionchar acu ar chinntí roghnúcháin:

- Caomhnú, caomhantas, stóráil, rochtain agus ceanglais chatalógaithe
- Na beartais bhailithe atá ag leabharlanna agus cartlanna Éireannacha eile.

## Prionsabail forbartha an bhailiúcháin

Tá gníomhaíocht bhailithe Leabharlann Náisiúnta na hÉireann bunaithe ar na Prionsabail Forbartha Bailiúcháin seo a leanas:

1 Is é an misean atá againn ná *'Cuimhne thaifeadta na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a dhéanamh inrochtana.'*[5]

2 Agus *cuimhne thaifeadta na hÉireann* á bailiú againn, measann muid go bhfuil gach ceann díobh seo a leanas ina ábhar spéise: ábhar a rinneadh nó a foilsíodh in Éirinn, ábhar arna dhéanamh nó arna fhoilsiú i dtír eile ag saoránaigh Éireannacha, buanchónaitheoirí nó cónaitheoirí sealadacha Éireannacha nó easaoránaigh Éireannacha, ábhar a rinneadh nó a foilsíodh thar lear ach a bhaineann le hÉirinn nó le doiciméadú a dhéanamh ar eispéireas na saoránach Éireannach, buanchónaitheoirí nó cónaitheoirí sealadacha Éireannacha agus a bpobail, thar lear.

3 Tá an Leabharlann tiomanta dá páirt a ghlacadh maidir leis an nGaeilge a fhorbairt agus a chaomhnú agus leanfar le bailiú agus caomhnú na Gaeilge beo. Tríd a sainordú, forbróidh an Leabharlann a taifead den Ghaeilge, nach mbeidh a leithéid ar fáil in aon áit eile, lena n-áirítear na foirmeacha digiteacha éagsúla ina scríobhtar agus ina dtaifeadtar an teanga sa lá atá inniu ann.

4 Ní ann do theorainneacha náisiúnta i gcás na bhfoilseachán digiteach. Aithníonn muid go bhféadfaidh ábhar a bhaineann le hÉirinn sa domhan digiteach a aimsiú ar líne, agus go bhféadfaidh an t-ábhar teacht ó shuíomhanna geografacha lasmuigh d'Éirinn.

5 Oibreoidh muid chun a chinntiú go bhfuil ár mbailiúcháin ionadaíoch d'Éirinn ina héagsúlacht uile: i gcomhréir leis na gealltanais a leagadh amach i mBeartas Éagsúlachta agus Cuimsithe Leabharlann Náisiúnta na hÉireann 2018-2021, *'cruthóidh muid scéal níos éagsúlaí agus níos cuimsithí d'Éirinn, ionas go gcuirfear le chéile guthanna nua agus go dtaispeánfar don domhan iad agus muid ag déanamh cinnte de go mothóidh gach duine go bhfuil fáilte rompu i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann'*.[6]

6 Baileoidh muid ábhar a léiríonn dearcthaí éagsúla ar imeachtaí comhaimseartha agus ar shaincheisteanna i ndáil le hÉirinn.

7 Baileoidh muid go dlíthiúil, go heiticiúil agus le dícheall cuí. Caithfidh gach sealbhú teacht ó fhoinse bona fide agus caithfidh go bhfuil foinse doiciméadaithe leis. Coimeádfar cáipéisí a bhaineann le sealbhuithe ar comhad.

---

5 **Straitéis 2022-2026, lch. 17**
6 **Beartas E&C 2018-2021**

8 I gcomhréir le ról na Leabharlainne chun taifead na hÉireann a bhailiú, agus lena tiomantas don trédhearcacht agus don chuntasacht ar son cách, déanfaidh muid tréaniarracht an t-am ar fad chun sláine agus barántúlacht ár mbailiúchán a chinntiú ag gach céim de shaolré ón gcéim roimh shealbhú go céim na rochtana.

9 Agus muid ag bainistiú na gcistí a leithdháiltear chun ábhar bailiúcháin a cheannach, beidh muid cúramach agus bainfidh muid leas as breithiúnas saineolach, ag gníomhú i gcónaí i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais agus riachtanais rialaithe na Leabharlainne. Cuirfidh ár gcinntí ar fhorbairt an bhailiúcháin san áireamh na costais indíreacha a bhaineann le sealbhú freisin, lena n-áirítear na costais a bhaineann le catalógú, caomhnú, caomhantas agus stóráil.

10 Tá muid ag díriú ar ábhar a shealbhú le haghaidh ár mbailiúchán buan agus is i gcásanna eisceachtúla amháin a ghlacfaidh muid le hábhar ar iasacht.

11 Is é atá mar aidhm againn ná chun sealúchais chuimsitheacha de Bhailiúcháin Foilsithe a bheith againn: faoi fhorálacha na taisce dlíthiúla atá i bhfeidhm i bPoblacht na hÉireann bailíonn muid foilseacháin chlóite amhail monagraif, nuachtáin, sraitheacháin agus foilseacháin oifigiúla; maidir le Tuaisceart Éireann bailíonn muid an t-ábhar seo trí cheannach nó trí bhronnadh; maidir le foilseacháin chlóite ar díol spéise Éireannaí iad a foilsíodh in áiteanna eile, beidh sé mar aidhm againn iad seo a shealbhú trí cheannach nó trí bhronnadh.

12 Agus muid ag forbairt ár sealúchas de Bhailiúcháin Speisialta, sealbhaíonn muid ábhair uathúla a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo ar bhonn roghnaitheach, ag cur le láidreachtaí na mbailiúchán a bhí againn roimhe agus, ag tabhairt aird chuí ar leasanna bailithe de leabharlanna agus cartlanna Éireannacha eile, téann muid i ngleic le laigí agus bearnaí atá inár mbailiúcháin féin.

13 Agus taifead na hÉireann á bhailiú agus á chaomhnú chomh cuimsitheach agus is féidir againn, aithníonn muid a thábhachtaí agus atá an comhar le hinstitiúidí cuimhne Éireannacha eile; oibreoidh muid i dtreo teacht ar chomhaontú agus cur chuige comhoibritheach a chur i bhfeidhm d’fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach.

Déantar tuilleadh forbartha ar na Prionsabail seo i dTreoirlínte Forbartha an Bhailiúchán (‘na Treoirlínte’) a leanann agus a fhorlíonann an Beartas seo. Déanann na Treoirlínte cur síos níos iomláine ar an bpróiseas trína ndéantar ábhar a shainaithint, a mheas, a roghnú agus a shealbhú le haghaidh na mbailiúchán buan.

# Treoirlínte Forbartha an Bhailiúcháin

## Treoirlínte Forbartha an Bhailiúcháin

(i) Tá na treoirlínte seo á n-ullmhú le linn tréimhse ina mbíonn athruithe géara agus méadaitheacha ag teacht ar na bealaí ina ndéantar an saol agus an tsochaí a thaifeadadh agus a dhoiciméadú. Ar an gcúis sin, tá cuid de na rudaí a deir muid anseo neamhbhuan, faoi réir athbhreithniú leanúnach agus muid ag déanamh ár ndícheall chun freagra a thabhairt ar na dúshláin a chuireann ár dtimpeallacht faisnéise, atá ag síorathrú, ar fáil agus na deiseanna a chuireann sí ar fáil a thapú. Is iad na prionsabail a leagadh amach i gcáipéis an bheartais atá mar bhonn le gach rud sna treoirlínte seo, go háirithe ár dtiomantas do chúrsaí bailithe ionas gur féidir linn na léirmhínithe is cuimsithí agus is féidir de shaol agus sochaí na hÉireann comhaimseartha a éascú.

(ii) Tá an ghníomhaíocht bhailithe ar fad faoi réir Phrionsabail Forbartha an Bhailiúcháin agus faoi réir na gCritéir Roghnúcháin a leagadh amach i gcáipéis an bheartais. I ngach réimse bailiúcháin, is tosaíocht é chun ábhar a bhaineann le déimeagrafach na hÉireann, atá ag athrú, a bhailiú, agus ár mbailiúcháin a leathnú chun a bheith níos ionadaíche agus níos cuimsithí. Agus é sin á dhéanamh againn, déanfaidh muid ár ndícheall ábhar a dhéanann doiciméadú ar phobail faoi ghannionadaíocht a shainaithint agus a shealbhú, agus, le tacaíocht ó Choiste Éagsúlachta agus Cuimsithe na Leabharlainne, dul i dteagmháil le réimse daoine, pobal agus eagraíochtaí chun na bailiúcháin ionadaíocha chuimsitheacha seo a thógáil.

(iii) Sa cháipéis seo leagtar amach na ceisteanna lena rialaítear ár ngníomhaíocht bhailithe reatha thar na trí roinn coimeádaíochta laistigh de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Is rannáin riaracháin iad na rannáin seo. Bréagnaíonn a dteidil tionchar an athraithe thar gach gné den fhorbairt bhailiúcháin sa Leabharlann agus folaíonn siad an comhar institiúideach atá fíorthábhachtach chun a chinntiú go mbaileoidh muid go héifeachtúil éifeachtach, i gcomhréir le Beartas Forbartha an Bhailiúcháin.

(iv) Teastóidh cuid mhaith dár gcuid oibre sna blianta atá ag teacht chun ábhar digiteach nó atá digitghinte go páirteach a mheas agus a shealbhú. Cuireann muid fáilte roimh theagmháil ó chruthaitheoirí agus ó úinéirí de chartlanna hibrideacha agus digiteacha agus muid ag cur lenár gcumas sa réimse seo. De réir mar a fhorbraíonn ár scileanna agus ár n-acmhainní, beidh muid in ann cuspóirí agus gníomhaíocht forbartha an bhailiúcháin dhigitigh a dhaingniú trasna gach réimse bailiúcháin.

(v) Tá muid ag súil le go dtiocfaidh fás agus forbairt ar chineál na mbailiúchán digiteach chun formáidí atá teacht chun cinn a chur san áireamh, nach mbeidh coibhéis fhisiceach ag go leor acu, agus beidh athrú de dhíth maidir leis an gcaoi a sealbhaíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ábhar.

(vi) Tá muid tiomanta d’athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na treoirlínte seo i bhfianaise an ráta tapa athraithe i réimse an chaomhnaithe dhigitigh agus réimse na teicneolaíochta, agus d’fhorbairt bhreise a dhéanamh ar shaineolas agus ar phrótacail an bhailithe dhigitigh inmheánaigh. Beidh an chéad athbhreithniú de na hathbhreithnithe seo ar siúl in 2023.

(vii) Ar mhaithe le héascaíocht tagartha, rinne muid na treoirlínte a rangú i dtrí réimse coimeádaíochta, mar seo a leanas:

**1. Bailiúcháin Dhigiteacha**

**1.1 Raon Feidhme**

- 1.1.1 Bearnaí
- 1.1.2 Bac reachtach ar ghréasáin Éireannacha a bhailiú
- 1.1.3 Baic theicneolaíochta agus baic eile

**1.2 Réimsí Bailiúcháin**

- 1.2.1 Cartlann Ghréasáin
- 1.2.2 Scéimeanna Píolótacha Digitghinte
- 1.2.3 Digitiú

**2. Bailiúcháin Fhoilsithe**

**2.1 Raon Feidhme**

**2.2 Réimsí Bailiúcháin**

- 2.2.1 Leabhair Chlóite
- 2.2.2 Nuachtáin
- 2.2.3 Sraitheacháin
- 2.2.4 Foilseacháin Oifigiúla
- 2.2.5 Ríomhthaisce dhlíthiúil
- 2.2.6 Ríomhfhoilseacháin

**3. Bailiúcháin Speisialta**

**3.1 Raon Feidhme**

**3.2 Réimsí Bailiúcháin**

- 3.2.1 Lámhscríbhinní agus cartlanna
- 3.2.2 Leabhair uathúla agus seanleabhair
- 3.2.3 Grianghraif
- 3.2.4 Priontaí agus Líníochtaí
- 3.2.5 Ábhar gearrshaolach
- 3.2.6 Léarscáileanna
- 3.2.7 Ceol

# 1. Bailiúcháin Dhigiteacha

## 1.1 Raon Feidhme

Is iad seo a leanas na bailiúcháin dhigiteacha atá i raon feidhme an doiciméid seo chun críocha an doiciméid seo:

(i) Cartlann Ghréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
(ii) na tionscadail phíolótacha ‘digiteach amháin’ atá faoi lán seoil sa Leabharlann ó 2017
(iii) bailiúcháin dhigitithe.

Is iad seo a leanas na hábhair dhigiteacha ábhartha: grianghraif, comhaid eagraíochtúla, dréachtaí liteartha, físeáin, suíomhanna gréasáin, foilseacháin ar líne, meáin shóisialta agus ábhar digitithe.

De réir mar a dhéanfaidh muid athbhreithniú ar na treoirlínte seo, ionchorprófar ríomhfhoilseacháin ar nós ríomhleabhar, nuachtáin dhigiteacha agus ríomh-irisleabhar chomh maith le bailiúcháin dhigitghinte uathúla neamhfhoilsithe.

Agus na critéir roghnúcháin a leagadh amach sa Bheartas á gcur i bhfeidhm, cuirfidh Bailiúcháin Dhigiteacha san áireamh tosca amhail riachtanais um chaomhnú digiteach, formáidí ag teacht chun cinn agus foirmeacha nua rochtana ar ábhar digiteach a mheas, lena n-áirítear an raon feidhme méadaithe don rochtain, rud a thairgeann próiseas an digitithe. Go háirithe, is gá riachtanais caomhnaithe digitigh a mheas mar ghné bhunúsach d'Fhorbairt an Bhailiúcháin maidir le bailiúcháin dhigitghinte agus bailiúcháin dhigitithe.

Ní thagann an méid a leanas faoi shainchúram na dtreoirlínte maidir le Bailiúcháin Dhigiteacha:

- bailiú na bhformáidí digiteacha a thagann faoi shainchúram bailithe na n-institiúidí bailithe Éireannacha eile, mar shampla i gcás oidhreacht íomhánna gluaisteacha na hÉirinn, Cartlann Scannán na hÉireann
- bailiúcháin arb é atá go hiomlán iontu ná cineálacha áirithe sonraí taighde, mar shampla bunachair sonraí mhóra de thaighde
- sealúchais na Leabharlainne d'ábhair dhigiteacha as líne, atá fós ina bhformáid bhunaidh agus a bhfuil ascnamh le haghaidh caomhnú digiteach fadtéarmach ag teastáil uathu.

### 1.1.1 Bearnaí sa bhailiúchán

**Áirítear le Bearnaí sna Bailiúcháin Dhigiteacha atá againn an méid seo a leanas:**

- Stair chomhaimseartha, oidhreacht, agus eolas cruthaitheach agus pobail na hÉireann mar a thaifeadadh ar an ngréasán a eascraíonn as easpa reachtaíocht chumasúcháin. Ní féidir an bhearna a líonadh agus tá sí ag dul i méid de réir mar athraíonn nó a imíonn suíomhanna gréasáin.

**Tabharfar aghaidh ar bhearnaí i sealúchais na mBailiúchán Digiteach mar seo a leanas:**

- Trí leanúint de bheith ag tathant ar fhoráil reachtach a thabhairt isteach ionas go gcuirfear an Leabharlann ar a cumas cartlannú gréasáin ar scála a dhéanamh chun leas an phobail.
- Trínár ngealltanas a chomhlíonadh lena chinntiú go mbeidh bailiúcháin na Leabharlainne ionadaíoch d'Éirinn ina héagsúlacht uile
- Trí chomhpháirtíochtaí féideartha a phlé chun cur leis an gclár digitithe, agus luach ar airgead agus aschuir ardchaighdeáin á gcinntiú i gcónaí.

### 1.1.2 Bac reachtach ar ghréasáin Éireannacha a bhailiú

Murab ionann agus go leor leabharlanna náisiúnta ar fud an domhain, níl sainordú dlíthiúil ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun cartlannú gréasáin ar fhearann barrleibhéil (TLD) a dhéanamh. Is bearna shuntasach í inár sainchúram reachtach.

### 1.1.3 Baic theicneolaíochta agus baic eile

Tagann srianta eile chun cinn maidir le cartlannú gréasáin de réir mar a fhorbraíonn dearadh gréasáin agus teicneolaíocht ransaitheora gréasáin, rud a théann i bhfeidhm ar an gcineál láithreáin is féidir a chartlannú. Ní féidir linn na meáin shóisialta a bhailiú go cuimsitheach i ngeall ar dhúshláin theicniúla agus dúshláin eile a dtagann chun cinn ó na hardáin éagsúla.

## 1.2 Réimsí Bailiúcháin

### 1.2.1 Cartlann Ghréasáin na hÉireann

**Conas a bhailíonn muid ábhar**

Is éard atá i gceist le cartlannú gréasáin ná suíomh gréasáin a bhailiú trí leas a bhaint as ransaitheoir gréasáin. Stóráiltear an suíomh gréasáin cartlannaithe i bhFormáid Comhaid Cartlainne Gréasáin (formáid WARC) lena chinntiú go mbeidh rochtain air amach anseo. Bailítear agus caomhnaítear suíomhanna gréasáin ar dhá phríomhbhealach: (a) roghnaítear suíomhanna gréasáin ar bhonn téama nó imeachta; (b) cartlannú ar mhórscála ar bhonn TLD na tíre. Mar a luaitear in 1.1.2 thuas, níl cead ag an Leabharlann cartlannú TLD a dhéanamh agus dá bhrí sin bailíonn sí ar bhonn roghnaitheach. Is iad cartlannaithe gréasáin, speisialtóirí ábhair sa Leabharlann agus comhpháirtithe comhair a dhéanann an roghnúchán agus is ar chomhairle réimse leathan geallsealbhóirí a dhéantar é.

**An t-ábhar a bhailíonn muid**

Bailíonn agus caomhnaíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann gréasáin ar leith agus cuntais Twitter agus YouTube ar leith. Mar bhailiúchán dinimiciúil atá ag dul i méid, gabhtar saol na hÉireann ar líne agus cuimsítear leis bailiúcháin a léiríonn litríocht agus polaitíocht na hÉireann. Tá sealúchais nach beag ag an mbailiúchán maidir le hábhar a bhaineann le toghcháin agus reifrinn, an tsochaí agus cultúr.

Tugtar aird ar leith ar an nGaeilge, ar chultúr pobail, agus ar an diaspóra Éireannach nuair a roghnaítear ábhar do Chartlann Ghréasáin na hÉireann. Bailíonn muid agus caomhnaíonn muid gréasáin Rialtas lárnach agus áitiúil agus gníomhaíochtaí Rialtais freisin, lena n-áirítear a bhfoilseacháin ar líne. Tá an ghníomhaíocht cartlannaithe gréasáin freagrúil d'imeachtaí agus do threochtaí, cartlannaítear gréasáin chomh luath agus is féidir.

De réir mar a d'fhorbair Cartlann Ghréasáin na hÉireann, tháinig méadú ar na bailiúcháin agus d'éirigh siad níos éagsúla. Is bailiúchán beo beathach é le hábhar a chartlannaítear go leanúnach agus a chuirtear ar fáil go hoscailte.

**Forbairt bhreise a dhéanamh ar Chartlann Ghréasáin na hÉireann**

Doiciméadaíodh taifead suntasach ar oidhreacht chruthaitheach, litríochta agus dhoiciméadach na hÉireann ar líne agus is príomhfhoinse ríthábhachtach é an t-idirlíon do thaighdeoirí comhaimseartha chomh maith le taighdeoirí a bheidh ann amach anseo. Cinntíonn cartlannú ghréasáin go mbeidh rochtain ar an ábhar seo, tar éis dó imeacht ón ngréasán beo.

Is cleachtas coiteann i leabharlanna náisiúnta é chun cartlannú roghnaitheach agus cartlannú fearainn *araon* a úsáid chun cartlann ghréasáin atá chomh cuimsitheach agus is féidir a sheachadadh.[7] Toisc go bhfuil toirmeasc de réir dlí ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an cur chuige seo a úsáid, bíonn cuimhne ar líne na hÉireann i níos mó agus níos mó baoil.

---

7 **Milligan, lch.165 Tagairt do bheartais bhailithe eile agus téacsanna sa Leabharliosta nuair is gá.**

### 1.2.2 Scéimeanna Píolótacha Digitghinte Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

**An t-ábhar a bhailíonn muid**

Ceaptar scéimeanna píolótacha Digitghinte chun díriú ar bhailiúcháin ilfhormáide ina bhfaightear ábhar uathúil físiúil agus téacsúil. San áireamh sna bailiúcháin tá lámhscríbhinní digiteacha, grianghraif, físeáin agus taifid dhigiteacha d'eagraíochtaí. Déanfar gníomhaíochtaí bailithe Digitghinte a mhéadú de réir scála nuair a chríochnaíonn na scéimeanna píolótacha, go háirithe toisc gur léir go mbeidh nádúr hibrideach ag tromlach na mbailiúchán, i bhfoirm fhisiceach agus i bhfoirm dhigiteach araon.

**Forbairt ar scéimeanna píolótacha Digitghinte**

Chuir an Leabharlann tús lena scéim phíolótach in 2017 chun saolré bhainistíocht na mbailiúchán a chlúdach ó chéim an tsealbhaithe go céim an tseachadta ar líne de líon beag bailiúcháin Dhigitghinte chasta. Tairgeann cur chuige na scéime píolótaí an deis is fearr dúinn chun na sreafaí oibre nua a dhearadh agus a thástáil, sreafaí atá ag teastáil chun ábhar Digitghinte uathúil nár foilsíodh a bhailiú.

Bunaíodh an tionscadal ar Straitéis 2016-2021 na Leabharlainne agus is é an chuspóir a leagadh amach ann ná cur chuige nua a chur chun feidhme maidir le hábhar Digitghinte d'Éirinn a bhailiú. Freagraíonn sé go díreach don dúshlán a bhaineann le hábhar digiteach uathúil Éireannach a bhailiú, a chaomhnú agus a chur ar fáil, ábhar atá ag dul i méad ag ráta nach bhfacthas riamh roimhe seo, agus atá i mbaol ollmhór caillteanais.

Díríonn cuid den tionscadal píolótach ar cháipéisíocht shubstaintiúil, atá mar bhonn faoi chleachtas bailithe Dhigitghinte na Leabharlainne, a dhréachtú. Is é is cúis leis seo ar an gcéad dul síos ná a thábhachtaí agus atá sé cleachtas bailithe dhigitigh nua a dhoiciméadú, agus ar an dara dul síos, ba cheart eolas a dhéanamh don bheartas trí chleachtas ar leibhéal áitiúil chomh maith leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, agus maoin intleachtúil agus cearta agus cosaintí ábhartha eile á gcur san áireamh.

Tá ról tábhachtach ag an gcomhoibriú i bhforbairt scéimeanna píolótacha Digitghinte na Leabharlainne Náisiúnta. Dar linn, is gné riachtanach é an comhoibriú d'fhorbairt an bhailiúcháin Dhigitghinte, agus de chaomhnú digiteach fadtéarmach ár mbailiúchán, agus déanfaidh muid iarracht ár dtaithí agus ár bhfoghlaim a roinnt mar institiúid chultúrtha náisiúnta.

### 1.2.3 Ár mbailiúcháin a dhigitiú

**Cúlra**

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i mbun clár chun íomhánna ionadacha dá bailiúcháin a chruthú le blianta fada anuas. Rinneadh é seo ar dtús trí mheán na grianghrafadóireachta scannáin agus trí mheán an mhicreascannáin ach le déanaí, rinneadh i bhfoirm dhigiteach é. Tá dúshláin theicniúla ag baint le híomhánna digiteacha a chruthú d'ábhair bhunaidh fhisiceacha sna réimsí fisiceacha agus digiteacha araon.

**Próiseas agus caighdeáin**

Le linn ár mbailiúcháin a dhigitiú, baineann muid úsáid as trealamh a chruthaíonn íomhánna a chomhlíonann caighdeáin sheanbhunaithe san earnáil Oidhreachta Cultúrtha agus sa tionscal. Trí fhorbairtí a leanúint go dlúth in institiúidí eile agus sa tionscal íomháithe, agus trí

theagmháil a dhéanamh le saineolaithe seachtracha, is é atá mar aidhm againn ná cinntiú go bhfuil caighdeán na n-íomhánna a tháirgtear sa Leabharlann ar ardchaighdeán agus gur féidir úsáid a bhaint astu san fhadtéarma.

Den chuid is mó, déanann moltaí inmheánacha eolas do roghnú ábhair le digitiú. Léiríonn na moltaí seo machnamh maidir le gainne, leochaileacht agus éileamh. Ó am go chéile, téann úsáideoirí na Leabharlainne i dteagmháil le foireann na seirbhísí digitithe chun ábhar a mholadh le digitiú. Trí chumas digitithe na Leabharlainne a mhéadú trí chomhpháirtíochtaí tráchtála agus acadúla, méadófar na critéir roghnúcháin agus éascófar cur chuige comhlántach ina gcomhcheanglaítear digitiú ar éileamh agus digitiú saincheaptha le digitiú ar mhórscála de réir formáide nó bailiúcháin.

## 2. Bailiúcháin Fhoilsithe

### 2.1 Raon Feidhme

Tá Roinn na mBailiúchán Foilsithe freagrach as bailiúcháin na Leabharlainne de leabhair chlóite, nuachtáin agus sraitheacháin, foilseacháin oifigiúla, léarscáileanna clóite agus ceol a fhorbairt agus a bhainistiú ó chéim an tsealbhaithe, trí gach próiseas bainistíochta bailiúcháin lena n-áirítear aontachas, catalógú, próiseáil, caomhnú agus stóráil. Áirítear leis na freagrachtaí seo slándáil an bhailiúchán náisiúnta a chinntiú agus cinntiú go bhfuil rochtain ag taighdeoirí agus ag úsáideoirí air trí sheomraí léitheoireachta na Leabharlainne agus ar líne.

Déanann na Treoirlínte seo doiciméadú ar an ngníomhaíocht bhailithe reatha i mBailiúcháin Fhoilsithe. Leagann siad amach ceisteanna lena rialaítear ár gcinntí maidir le hábhar a thairgtear don Leabharlann a cheannach, agus maidir le bronntanais a ghlacadh nó a dhiúltú.

Agus é aitheanta nach féidir linn gach ábhar a bhailiú, leagann na Treoirlínte amach cuspóirí na mBailiúchán Foilsithe maidir le cuimsitheacht ár ngníomhaíochta bailithe, agus má chaithfidh an ghníomhaíocht a bheith roghnaitheach nó níos ionadaíche ar an iomlán.

Cé nach bhfuil muid ag bailiú go gníomhach na foilseacháin maidir leis an ríomhthaisce dhlíthiúil, tá an Leabharlann Náisiúnta tiomanta chun a bheith ag obair le foilsitheoirí Éireannacha agus geallsealbhóirí ábhartha eile chun a chinntiú go bhfuil ár sainchúram mar leabharlann na taisce dlíthiúla á chomhlíonadh againn agus chun a chinntiú go gcuirfear an t-ábhar seo leis an mbailiúchán náisiúnta, rud a sheachnóidh cruthú bearnaí.

**Bearnaí sa bhailiúchán**
Cé gurb é an aidhm atá againn ná bailiúchán cuimsitheach a chur le chéile, tarlaíonn bearnaí sa taifead foilsithe ach go háirithe i ndáil le haschur na bhfoilsitheoirí annamha nó 'cás aon uaire', nuachtáin saor in aisce, nuachtáin mac léinn agus foilseacháin áitiúla áirithe, go háirithe díobh siúd a fhoilsítear le haghaidh ceiliúrtha nó cuimhneacháin atá ag clubanna nó paróistí; irisí saor in aisce, irisí scoile, nuachtlitreacha pobail; agus foilseacháin ilchultúrtha.

Tabharfar aghaidh ar bhearnaí i sealúchais na mBailiúchán Foilsithe mar seo a leanas:

- trí chomhoibriú le leabharlanna poiblí chun a chinntiú go gcuirfear muid ar an eolas faoi

fhoilseacháin áitiúla nua agus go mbaileoidh muid iad lena n-áirítear cuntais ar stair áitiúil, nuachtlitreacha pobail nó cumainn agus nuachtáin saor in aisce arb é atá iontu den chuid is mó ná fógraíocht, eolas ar tháirgí agus eolas ar eastát réadach

- trí fhoilsitheoirí a shainaithint agus iad a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí maidir leis an taisce dhlíthiúil
- trí leanúint ar aghaidh ag ceannach cóipeanna ionadacha de nuachtáin a choimeádtar áit éigin eile
- trí dhul i dteagmháil le leabharlanna Éireannacha na taisce dlíthiúla chun eolas a mhalartú faoi fhoilseacháin nua
- trí bheith ag obair le pobail faoi ghannionadaíocht agus le Coiste E&C na Leabharlainne chun ár mbailiúcháin a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil siad ionadaíoch cuimsitheach
- trí theagmháil a dhéanamh le pobail Éireannacha thar lear, is é atá mar aidhm ag an Leabharlann ná chun gach teideal a bhaineann le spéis Éireannach a foilsíodh taobh amuigh d'Éirinn a shainaithint agus a bhailiú
- trí cheannach agus bronnadh chun bearnaí inár sealúchais stairiúla a líonadh
- trí glacadh le bronntanais nuair a líonann siad bearna sna bailiúcháin nó nuair atá siad in ann teacht in ionad ábhair a bhfuil droch-chaoi orthu.
- trí phoiblíocht rialta maidir le cuspóirí bailithe LNÉ, agus trí theagmháil dhíreach le heagraíochtaí ábhartha.

## 2.2 Réimsí Bailiúcháin

**Cuirtear eolas ar réimsí bailiúcháin i láthair de réir formáide faoi na teidil seo a leanas:**

**2.2.1** Leabhair Chlóite
**2.2.2** Nuachtáin
**2.2.3** Sraitheacháin
**2.2.4** Foilseacháin Oifigiúla
**2.2.5** Ríomhthaisce Dhlíthiúil
**2.2.6** Ríomhfhoilseacháin

Chun críocha na taisce dlíthiúla, ciallaíonn "Foilseachán" i ndáil le leabhar "cóipeanna a eisiúint don phobal". Cuirtear an míniú seo i bhfeidhm ar an ábhar uile a shealbhaítear do na Bailiúcháin Fhoilsithe i.e. cruthaíodh cóipeanna den ábhar go léir a shealbhaítear do na Bailiúcháin Fhoilsithe le heisiúint don phobal i gcoitinne nó d'fho-thacar dó.

### 2.2.1 Leabhair Chlóite

**Leabhair arna bhfoilsiú sa Stát**

Ó 1927, bhí ceart na taisce dlíthiúla ag an Leabharlann le haghaidh gach ábhair a fhoilseofaí sa Stát. Ó shin i leith, ba í an taisce dhlíthiúil an príomhchóras trínar tógadh bailiúcháin leabhair nua-aimseartha na hÉireann. Is é atá mar aidhm ag an Leabharlann ná an t-inphrionta náisiúnta a bhailiú i bhformáid phriontála, chun bailiúchán cuimsitheach d'ábhar foilsithe na hÉireann a bhaint amach.

Faigheann an Leabharlann an chuid is mó dá cuid foilseachán clóite faoi phribhléid thaisce dhlíthiúil na nAchtanna Cóipchirt, i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas:

- Alt 198 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000.
  Ainmníodh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar cheann de na leabharlanna atá i

dteideal cóip a fháil de gach leabhar a foilsíodh den chéad uair sa Stát. Tugtar míniú air seo mar chóip den leabhar iomlán mar aon leis na léarscáileanna agus na léaráidí go léir a bhaineann leis an leabhar sin, agus bailchríoch curtha ar an gcóip sa mhodh céanna leis an leagan den *chóip atá níos fearr ó thaobh na cáilíochta de ná aon leagan eile den chóip den leabhar sin atá ar fáil.* De ghnáth, is é an leagan faoi chlúdach crua an chóip is fearr de réir na cáilíochta.

- Chun críocha Alt 198, cuimsíonn "leabhar" gach páirt nó mír de leabhar, paimfléad, bileog litirphreasa, bileog ceoil, léarscáil, plean, cairt, nó tábla a foilsíodh as féin.
- Ní bhaineann an taisce dhlíthiúil leis an dara heagrán nó eagrán eile a thagann i ndiaidh an chéad eagráin den leabhar ach amháin nuair atá tuilleadh ann nó athruithe ar an litirphreas nó na léarscáileanna, pleananna, priontaí nó ar ábhair greanta eile san eagrán.
- Leathnaíonn Alt 199 den Acht 2000 na forálacha maidir le taisce dhlíthiúil go dtí "ábhar" eile mar a leanas: cuimsíonn "ábhar" aon ábhar greanta, grianghraf, script dráma, scannán cineamatagraif, micreascannán, taifeadadh fístéipe, taifeadadh fuaime, taifead, discéad, téip mhaighnéadach, dlúthdhiosca nó aon ní eile a foilsíodh agus ar a bhfuil nó ina bhfuil eolas scríofa, taifeadta, stóráilte nó athchruthaithe.

Is é atá mar aidhm ag an Leabharlann ná an t-inphrionta náisiúnta a bhailiú i bhformáid phriontála, chun bailiúchán cuimsitheach d'ábhar foilsithe na hÉireann a bhaint amach. i.e cóip de gach foilseachán Éireannach a shealbhú.

## Leabhair a foilsíodh i dTuaisceart Éireann

Is é atá mar aidhm ag an Leabharlann ná a bheith cuimsitheach i ndáil le leabhair a foilsíodh i dTuaisceart Éireann agus sealbhaíonn muid leabhair a foilsíodh i dTuaisceart Éireann trí cheannach nó trí bhronnadh.

## Leabhair a foilsíodh taobh amuigh d'Éirinn

Sealbhaíonn an Leabharlann ábhar ina bhfuil spéis Éireannach agus a foilsíodh taobh amuigh d'Éirinn trí cheannach nó trí bhronnadh ar bhonn roghnaitheach.

## Eagráin Theoranta

Bailíonn an Leabharlann eagráin theoranta de leabhair agus leabhair ealaíontóirí ar bhonn roghnaitheach chun cultúr liteartha agus ealaíonta agus cultúr déanamh leabhar na hÉireann a léiriú.

## Foinsí Tagartha

Cuireann muid bailiúchán de leabhair thagartha ar fáil inár seomraí léitheoireachta ionas gur féidir le daoine iad a úsáid, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil ar fáil go héasca in aon áit eile in Éirinn. Lena chois sin, cláraíonn muid d'acmhainní leictreonacha ar leith chun rochtain a sholáthar do léitheoirí ar réimse ábhair dhigitigh. Tá na mílte leabhar lán-téacs, irisí, nuachtán, foilseachán oifigiúil agus cartlann a bhfuil spéis díreach Éireannach iontu sna hacmhainní leictreonacha seo, a thacaíonn le taighde ar na bailiúcháin atá againn.

**Pointí ginearálta**

Seo a leanas na pointí ginearálta le tabhairt faoi deara:

- Ní bhailíonn an Leabharlann cóipeanna dúblacha. Tagann eisceachtaí chun cinn má mheasann muid gur gá cóipeanna breise de shaothar a shealbhú chun go bhfreastalófaí ar riachtanas ar leith (amhail úsáid tagartha inár seomraí léitheoireachta).
- Ní bhaileoidh muid dara heagrán nó eagrán eile a thagann i ndiaidh an chéad eagráin de leabhar ach amháin nuair atá tuilleadh ann nó athruithe ar an litirphreas nó na léarscáileanna, pleananna, priontaí nó ar ábhair greanta eile san eagrán.
- Tugann an Leabharlann tús áite d'eagráin faoi chlúdach crua, nuair atá siad ar fáil.
- Déantar ceannacháin faoi réir an bhuiséid agus cinntíonn foireann na sealbhuithe an chaoi is fearr chun na hacmhainní seo a leithdháileadh, agus tugtar faoi deara go dtugtar tús áite do leabhair a mbaineann a n-ábhar go hiomlán nó den chuid is mó le hÉirinn.
- Diúltaítear do bhronntanais a thairgtear don Leabharlann nach dtagann faoi shainchúram Forbartha an Bhailiúcháin atá againn agus féadfar institiúid bhailithe eile a mholadh.
- Tá sé de cheart againn leabhair nach bhfuil foilsithe a dhiúltú.

## 2.2.2 Nuachtáin

Tá an bailiúchán is mó sa tír de nuachtáin Éireannacha ag an Leabharlann Náisiúnta, a théann siar ón 17ú haois go dtí an lá atá inniu ann. Tá líon mór teideal ó dhiaspóra Éireannach sa bhailiúchán freisin, lena n-áirítear go leor teideal ó Stáit Aontaithe Mheiriceá a théann siar go dtí an 18ú haois. Is minic gurb í an Leabharlann an sealbhóir aonair de nuachtán sa Stát.

Is í an Leabharlann Náisiúnta an t-aon leabharlann amháin sa Stáit atá tiomanta chun gach nuachtán Éireannach a bhailiú agus a chaomhnú. Cuireann an Leabharlann cuid mhór dá sealúchais chlóite ar mhicreascannán chun cabhrú leis an mbunchóip chlóite a chaomhnú agus, chun na bearnaí ina sealúchais stairiúla a líonadh, sealbhaíonn sí cóipeanna ar mhicreascannán de nuachtáin a choimeádtar in áiteanna eile.

**Nuachtáin a foilsíodh laistigh den Stát**

Ó 1927, sealbhaíodh bailiúchán na nuachtán a foilsíodh sa Stát faoin taisce dhlíthiúil. Ina measc sin tá nuachtáin náisiúnta laethúla, nuachtáin réigiúnacha sheachtainiúla agus dhésheachtainiúla, teidil an Domhnaigh agus iad siúd ina ndírítear ar lucht léitheoireachta ilchultúrtha. Bailítear gach eagrán de nuachtáin náisiúnta de mhéideanna éagsúla agus gach eagrán de theidil réigiúnacha ina bhfuil ábhar éagsúil a fhoilsítear sa Stát. Is é atá mar aidhm ag an mbailiúcháin nuachtán ná chun a bheith chomh héagsúil agus is féidir agus bailítear teidil ilchultúrtha Éireannacha dó.

**Nuachtáin a foilsíodh i dTuaisceart Éireann**

Ceannaíonn, nó faigheann an Leabharlann trí bhronnadh, gach nuachtán a foilsíodh i dTuaisceart Éireann.

**Nuachtáin a bhfuil spéis Éireannach iontu a foilsíodh in áiteanna eile**

Ceannaíonn muid teidil roghnaithe a foilsíodh taobh amuigh d'Éirinn má tá baint ar leith acu le hÉirinn.

## 2.2.3 Sraitheacháin

Tá bailiúchán leathan de shraitheacháin ag an Leabharlann a théann siar go dtí an 18ú haois. Is í an Leabharlann Náisiúnta an t-aon leabharlann amháin atá tiomanta chun gach sraitheachán Éireannach a bhailiú agus a chaomhnú. Ina measc sin tá irisí, nuachtlitreacha, tuarascálacha bliantúla, bliainirisí, eolairí agus irisleabhair.

**I measc chatagóirí theidil na sraitheachán atá á gcoimeád agus a leanann an Leabharlann lena mbailiú tá:**

- irisí liteartha
- irisí scolártha sna disciplíní uile
- irisí maidir le cúrsaí reatha
- irisí na gceiliúrán agus irisí nós maireachtála
- irisí creidimh
- irisí maidir le caitheamh aimsire
- catalóga foilsitheoirí agus díoltóirí leabhar
- catalóga an cheant
- tuarascálacha bliantúla m.sh. comhlachtaí leathstáit, institiúidí airgeadais
- tuarascálacha comhlachtaí móra liostaithe
- Cláir na dToghthóirí (seachas dréachtchláir)

#### Sraitheacháin a foilsíodh laistigh den Stát

Bailítear sraitheacháin a fhoilsítear laistigh den Stát faoi phribhléid thaisce dhlíthiúil an Achta Cóipchirt 2000, a dhéanann foráil an-sonrach in Alt 198 le haghaidh sraithfhoilseachán mar a leanas:

*i gcás ciclipéide, nuachtáin, léirmheasa, irise nó saothair a foilsíodh i sraith uimhreacha nó codanna, féadfaidh gach uimhir nó cuid den saothar a fhéadfar a fhoilsiú a bheith san éileamh scríofa.*

#### Sraitheacháin a foilsíodh i dTuaisceart Éireann

Ceannaítear sraitheacháin a foilsíodh i dTuaisceart Éireann.

#### Sraitheacháin a foilsíodh taobh amuigh d'Éirinn

Ceannaítear sraitheacháin a foilsíodh taobh amuigh d'Éirinn a bhaineann le spéis Éireannach, agus iad siúd a bhfuil eagarthóir Éireannach acu.

### 2.2.4 Foilseacháin Oifigiúla

Tá bailiúcháin cuimsitheacha d'fhoilseachán an Stáit ó 1922 ar aghaidh, foilseacháin Pharlaimint na hÉireann roimh 1800 agus foilseacháin oifigiúla na Ríochta Aontaithe ó 1800 go dtí 1979 ag an Leabharlann. Thairis sin, tá bailiúchán mór ach bailiúchán nach bhfuil uileghabhálach d'fhoilseacháin oifigiúla Thuaisceart Éireann ó 1920 ar aghaidh ag an Leabharlann.

#### Foilseacháin oifigiúla Stáit na hÉireann

Ó 1927 fuair an Leabharlann foilseacháin ó Rialtas na hÉireann (foilseacháin náisiúnta agus áitiúla) faoin taisce dhlíthiúil agus, sna cásanna ina dtáirgtear iad, leanfaidh an Leabharlann ar aghaidh ag bailiú leaganacha clóite d'fhoilseacháin oifigiúla na hÉireann. Rachaidh an Leabharlann i dteagmháil le ranna agus gníomhaíochtaí Rialtas lena chinntiú go bhfuil an bailiúchán reatha ina iomláine agus go sealbhaítear na páipéir agus na tuarascálacha a fhoilsítear i bhfoirm dhigiteach amháin.

#### Foilseacháin oifigiúla Thuaisceart Éireann

Chuir an Leabharlann deireadh le foilseacháin oifigiúla Thuaisceart Éireann a bhailiú i

bhformáid chlóite in 2012. Tá fáil ar Fhoilseacháin Oifigiúla Thuaisceart Éireann trí *Official Publications Online*, seirbhís síntiúis ghréasánbhunaithe TSO (Oifig Stáiseanóireachta na Banríona, an Ríocht Aontaithe).

**Eagraíochtaí Idirnáisiúnta a bhfuil Éire ina ball díobh**

Ní bhailíonn an Leabharlann ábhar clóite ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a thuilleadh. Cuireann cuid mhór de na heagraíochtaí dá raibh Éire ina comhlacht taisclainne rochtain ar líne ar a gcuid foilseachán ar fáil.

### 2.2.5 Ríomhthaisce Dhlíthiúil

Tugann an tAcht um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil, 2019 an ceart do gach leabharlann chóipchirt Éireannach chun leabhair a éileamh i bhfoirm chlóite nó leictreonach nó sa dá fhoirm araon. De bharr an chirt seo, tá an Leabharlann Náisiúnta tiomanta chun a bheith ag obair le foilsitheoirí Éireannacha agus geallsealbhóirí ábhartha eile chun gach ábhar atá foilsithe in Éirinn a shealbhú go cuimsitheach agus cur chun feidhme éifeachtach maidir leis an ríomhthaisce dhlíthiúil a chinntiú, trí threoirlínte comhaontaithe dea-chleachtais a bhunú chun tacú leis an cur i dtaisce rathúil tráthúil de ríomhfhoilseacháin agus chun rochtain shábháilte éifeachtúil a thabhairt d'úsáideoirí na Leabharlainne.

### 2.2.6 Ríomhfhoilseacháin

Tá an Leabharlann tiomanta chun modh a bhunú chun ríomhfhoilseacháin a bhaineann le spéis Éireannach, agus a táirgeadh taobh amuigh den Stát, a bhailiú, agus chun ár gcumas sa réimse seo a fhorbairt ionas gur féidir linn an t-ábhar seo a shealbhú, agus é a chur inár mbailiúcháin agus rochtain a thabhairt air.

## 3. Bailiúcháin Speisialta

### 3.1 Raon Feidhme

Tá Roinn na mBailiúchán Speisialta freagrach as bailiúcháin fhisiúla agus lámhscríofa na Leabharlainne agus a bailiúchán de leabhair uathúla agus seanleabhair a fhorbairt agus a bhainistiú, ó chéim an mheasúnaithe agus sealbhaithe trí gach próiseas bainistíochta bailiúcháin lena n-áirítear aontachas a dhéanamh agus catalógú.

Bíonn ilfhormáid ag go leor sealbhuithe do Bhailiúcháin Speisialta agus cuimsítear dhá fhormáid ar a laghad in go leor sealbhuithe eile. Mar shampla, féadfaidh ábhar atá i bhformáidí go léir na mBailiúchán Speisialta a bheith i mbailiúchán páipéir d'eastát talún, amhail Páipéir Inis Mhic Uí Chuinn nó páipéir Theach Chathair na Mart, agus féadfaidh taifid lámhscríofa a bhaineann leis na hábhair a bheith in éineacht le bailiúchán grianghraf.

An cleachtas a bhí ann roimhe ná na sealbhuithe seo a bhriseadh suas i mbailiúcháin fhormáidbhunaithe Leabharlainne nó shaorga. Mar shampla, baineadh gníomhais de bhailiúcháin eastáit chun sraith scoite Ghníomhais a chruthú agus sannadh albaim ghrianghraif agus líníochtaí dá réimse 'formáid' ar an mbealach céanna. Cé nach ndéanann muid an cleachtas seo a thuilleadh, tagann go leor sealbhuithe faoi réimsí go nádúrtha agus sanntar iad do na réimsí seo a leanas a bhaineann leis an mBailiúcháin Speisialta: lámhscríbhinní, priontaí, líníochtaí, grianghraif, ábhar gearrshaolach, ceol, nó léarscáileanna.

**Titeann an t-ábhar seo a leanas taobh amuigh de raon feidhme na dTreoirlínte seo go hiondúil:**

- Ábhar lámhscríofa a bhaineann le spéis áitiúil áirithe
- Ábhar lena mbaineann spéis ar leith i le haghaidh leabharlann nó cartlann taighde Éireannach eile
- Bailiúcháin mhóra de Ghníomhais ó 1708 ar aghaidh
- Bailiúcháin d'fhótachóipeanna agus gearrtháin randamacha nuachta
- Ábhair dhúblacha atá i mbailiúcháin na Leabharlainne cheana féin
- Grianghraif ina bhfuil níotráit cheallalóis, nó claonchlónna níotráite nó aicéatáite, nó ábhair ghuaiseacha eile
- Réada agus déantáin, murar chuid intreach de bhailiúchán iad
- Ábhar ar iasacht, ach tabhair faoi deara go bhféadfar bailiúcháin a thairgtear le haghaidh iasacht bhuan a mheas.

Go dtí go dtabharfar chun críche scéimeanna píolótacha Digitghinte na Leabharlainne (féach 1.2.2 thuas), ábhar atá fisiciúil nó bunaithe ar pháipéar is ea an t-ábhar a shealbhaítear do na Bailiúcháin Speisialta, agus is beag an chuid den bhailiúcháin a dhéantar de réada digiteacha as líne.

Sealbhaítear ábhar do na Bailiúcháin Speisialta, ar bhonn roghnaitheach, trí bhronnadh agus trí cheannach.

**Is i measc na bpríomhbhearnaí inár mBailiúcháin Speisialta atá na réimsí ábhair seo a leanas:**

- stair ghluaiseacht na mban in Éirinn
- páipéir liteartha agus phearsanta ó scríbhneoirí Éireannacha mná
- eispéireas an mhíchumais in Éirinn
- grúpaí mionlaigh creidimh agus eitneacha in Éirinn
- pobail na n-imirceach
- eispéireas mhuintir na hÉireann thar lear.

Tugtar bearnaí eile inár sealúchais de Bhailiúcháin Speisialta a bhaineann go sonrach leis an bhformáid faoi deara de réir an réimse bailiúcháin i rannán 3.2 thíos.

Is é atá mar aidhm againn ná bailiú réamhghníomhach a dhéanamh i réimsí atá sainaitheanta mar bhearnaí inár sealúchais le haghaidh Bailiúcháin Speisialta.

## 3.2 Réimsí bailiúcháin

Cuirtear eolas ar réimsí bailiúcháin i láthair de réir formáide faoi na teidil seo a leanas:

**3.2.1** Lámhscríbhinní agus cartlanna
**3.2.2** Leabhair uathúla agus Seanleabhair
**3.2.3** Grianghraif
**3.2.4** Priontaí agus Líníochtaí
**3.2.5** Ábhar gearrshaolach
**3.2.6** Léarscáileanna
**3.2.7** Ceol

### 3.2.1 Lámhscríbhinní agus cartlanna

Tá an bailiúchán is tábhachtaí ar domhan ag LNÉ de mhíreanna uathúla lámhscríofa agus de bhailiúcháin chartlainne a bhaineann le hÉirinn agus le muintir na hÉireann. Is iad seo a leanas láidreachtaí áirithe an bhailiúcháin seo:

- Bailiúcháin a bhaineann le polaitíocht náisiúnta na hÉireann ón 18ú haois ar aghaidh lena n-áirítear páipéir ó dhaoine aonair polaitiúla agus iad siúd ó eagraíochtaí agus páirtithe polaitiúla
- Bailiúcháin a bhaineann le polaitíocht Thuaisceart Éireann, go háirithe ó thréimhse na dTrioblóidí agus ina dhiaidh sin
- Páipéir liteartha agus phearsanta na le húdair, filí agus le drámadóirí Éireannacha lena n-áirítear sealúchais de pháipéir James Joyce, William Butler Yeats agus Seamus Heaney
- Bailiúcháin a dhéanann doiciméadú ar stair shóisialta, eacnamaíochta agus oibre na hÉireann lena n-áirítear cartlanna ceardchumann
- Cartlanna d'institiúidí náisiúnta, eagraíochtaí agus cumainn roghnaithe
- Maidir le cartlanna na n-eastát talún arb é atá iontu ná páipéir theaghlaigh agus eastáit, cuimsítear réimse ábhar ó chartlanna iomlána na n-eastát is mó amhail Eastát Ormonde, Eastát Inis Mhic Uí Chuinn agus Eastát Chathair na Mart go páipéir a dhéanann doiciméadú, go hiomlán nó go páirteach, ar na céadta réadmhaoine atá i bhfad níos lú
- Cartlanna Oifig an Phríomh-Arailt ina bhfuil ábhar araltach agus ginealaigh
- Lámhscríbhinní Gaeilge, ó ré na meánaoise go dtí an lá atá inniu ann
- Cartlann Aiteach na hÉireann, a dhéanann doiciméadú ar shaoil, eispéireas agus ar ghníomhaíochas LADTA+ in Éirinn ó na 1960idí go dtí an lá atá inniu ann
- Cartlanna na gcomhlachtaí Gaeilge, na bhfoilsitheoirí Gaeilge agus na n-údar Gaeilge lena n-áirítear páipéir luatha ó Chonradh na Gaeilge.

Leanfaidh muid ar aghaidh ag forbairt ár sealúchas sna réimsí seo go léir.

### 3.2.2 Leabhair uathúla agus Seanleabhair

Bhailigh LNÉ ábhar uathúil agus ársa a bhaineann le spéis Éireannach ón bunaíodh í in 1877 mar chuid dá haidhm chun taifead foilsithe na hÉireann a bhailiú go cuimsitheach.

Cé go ndírítear gníomhaíocht bhailithe sa réimse seo ar bhearnaí inár mbailiúchán a líonadh, féadfar saothair dhúblacha a shealbhú. Déantar é seo ar bhonn roghnaitheach agus d'fhormhór an ama déantar é mar gheall ar fhoinse an ábhair nó ar cháilíocht a cheangail.

### 3.2.3 Grianghraif

Tá an bailiúchán grianghraif is mó ar domhan a bhaineann le hÉirinn ag an Leabharlann, a chuimsíonn an tréimhse ó thús na grianghrafadóireachta i lár na 1800idí go dtí tús an 21ú haois. Maidir leis an mbailiúchán, ina bhfuil samplaí de ghrianghrafadóireacht luath na hÉireann chomh maith le híomhánna topagrafacha d'Éirinn, íomhánna d'imeachtaí móra polaitiúla agus spóirt chomh maith le piardaí na dúiche, cuimsítear bailiúcháin stiúideo, grianghraif agus albaim le grianghrafadóirí amaitéaracha, agus fóta-iriseoireacht.

**Áirítear leis na bearnaí inár mbailiúcháin ghrianghrafadóireachta na gnéithe seo a leanas:**

- Íomhánna de shaol agus sochaí lucht oibre na hÉireann sa 19ú haois agus ag tús an 20ú haois
- Íomhánna de mhionlaigh in Éirinn na linne seo.

Nuair is féidir sealbhóidh muid ábhar a thabharfaidh aghaidh ar na bearnaí seo agus déanfaidh muid iarracht cur lenár mbailiúcháin reatha ag an am céanna.

### 3.2.4 Priontaí agus Líníochtaí

Is taifead amhairc é an Bailiúchán Priontaí agus Líníochtaí ar dhaoine, ar áiteanna agus ar imeachtaí le linn stair na hÉireann, a chuimsíonn bunsaothair ealaíne lena n-áirítear portráidí, dearaí, líníochtaí agus leabhair sceitse, chomh maith le priontaí lena n-áirítear eitseálacha agus priontaí greanta, liteagraif agus eagráin theoranta.

**Is iad seo a leanas na príomhbhearnaí atá inár mbailiúcháin:**

- Saothair le healaíontóirí agus maisitheoirí comhaimseartha mná
- Saothair le maisitheoirí comhaimseartha do leabhair do pháistí
- Saothair le pobail mhionlaigh nó saothair a dhéanann doiciméadú orthu
- Saothair a dhéanann doiciméadú ar an nGorta Mór
- Líníochtaí topagrafacha d'áiteanna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

Nuair is féidir sealbhóidh muid ábhar a thabharfaidh aghaidh ar na bearnaí seo agus déanfaidh muid iarracht cur lenár mbailiúcháin reatha ag an am céanna.

### 3.2.5 Ábhar gearrshaolach

Áirítear sa bhailiúchán um Ábhar Gearrshaolach póstaeir agus forógraí, bileoga agus cláir amharclainne a dhéanann doiciméadú ar imeachtaí náisiúnta, toghcháin agus agóidí, chomh maith le siamsaíocht. Is acmhainn éagsúil é ach is acmhainn shaibhir é chun tuiscint a fháil ar stair shóisialta, chultúrtha, chreidimh agus pholaitiúil na tíre agus a muintire.

**Cé go bhfuil gnéithe de na nithe seo a leanas doiciméadaithe sna bailiúcháin atá againn, tá fonn orainn ár sealúchais díobh a fhorbairt a thuilleadh:**

- Ábhar gearrshaolach polaitiúil Éireannach ón 20ú haois.
- Ábhar gearrshaolach a dhéanann doiciméadú ar ról na mban agus na mionlach i saol na hÉireann
- Ábhar gearrshaolach a dhéanann taifeadadh ar eispéireas mhuintir na hÉireann thar lear.

### 3.2.6 Léarscáileanna

Cuimsíonn an bailiúchán um Léarscáileanna Clóite agus Lámhscríofa oidhreacht chartagrafach oileán na hÉireann ó thosach aimsire agus tá an bailiúchán is mó ar domhan de léarscáileanna luatha chlóite agus lámhscríofa a bhaineann le stair na hÉireann go dtí an 20ú haois sa Leabharlann.

Cuirtear léarscáileanna lámhscríofa agus suirbhéanna leis an mbailiúchán ar bhonn roghnaitheach.

### 3.2.7 Ceol

Tá scóir cheoil chlóite ón 18ú haois agus ón 19ú haois a bhaineann le hÉirinn sna bailiúcháin Cheoil agus clúdaíonn siad réimse seánraí chomh maith le bailiúcháin chartlainne d'eagraíochtaí amhail Cumann Ceoil na hÉireann chomh maith le cumadóirí agus ceoltóirí.

**Cé go bhfuil gnéithe de na nithe seo a leanas doiciméadaithe sna bailiúcháin atá againn, tá fonn orainn ár sealúchais díobh a fhorbairt:**

- Ceol clasaiceach na hÉireann, idir chomhaimseartha agus cheol a cumadh roimh 1950
- Cartlanna na bhféilte agus na gcomórtas ceoil
- Páipéir phearsanta ceoltóirí Éireannacha.

Cuirtear leis na bailiúcháin cheoil ar bhonn roghnaitheach.

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

National Library of Ireland